| RABHADH |
|---|
| **Ní mór an roinn seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.** |

| Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|
| ☞ |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH 2006 – MAIDIN, 9.30 r.n. - 12.00 nóin

## ROINN A
**(80 marc)**

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an Áireamháin a Úsáideadh**: ☞ ________________

---

**1.** Bhí na túslitreacha seo a leanas ar ráiteas bainc. Cad dó a seasann siad?

BO ____________________

AC ____________________

DD ____________________

UMB ____________________

**2.** Cuir tic (✓) sna boscaí chun a chur in iúl cé acu INMHEÁNACH nó EACHTRACH atá na foirmeacha cumarsáide seo a leanas:

| FOIRM CHUMARSÁIDE | INMHEÁNACH | EACHTRACH |
|---|---|---|
| Idirchum | | |
| Facs | | |
| Clár Fógraí | | |
| Meabhrán | | |

3. Freagair **(A)** *nó* **(B)**:

**(A)** Líon na **ceithre** bhosca bhána, atá uimhrithe **(i)** go **(iv)**, chun an Cuntas Trádála seo a leanas a chomhlánú:

| Cuntas Trádála don bhliain dar críoch 31-05-2006 | | | |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Díolacháin | | | 150,000 |
| Stoc (1-06-05) | | **(ii)** | |
| **(i)** | 58,000 | | |
| Carraeireacht Isteach | 2,000 | 60,000 | |
| | | 90,000 | |
| | | 20,000 | 70,000 |
| **(iii)** | | | **(iv)** |

**NÓ**

**(B)** Thaispeáin Cuntas Brabúis agus Caillteanais ghnólachta Brabús Glan €65,000. Fuarthas amach ina dhiaidh sin gur fágadh árachas réamhíoctha de €1,500 as an áireamh.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos a thaispeánann an brabús glan ceart:

**(i)** Brabús Glan €66,500 ☐

**(ii)** Brabús Glan €63,500 ☐

**(iii)** Brabús Glan €65,000 ☐

**(iv)** Brabús Glan €62,000 ☐

4. Ainmnigh na **ceithre** phríomhghné den mhargaíocht (na 4 P):

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**5.** Mínigh an téarma **Saincheadúnas** maidir le miondíol:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Tabhair **dhá** shampla de shaincheadúnais aithnidiúla:

**(i)** ______________________________________________________________________

**(ii)** ______________________________________________________________________

**6.** Ta Séamas tar éis teacht abhaile ó na Stáit Aontaithe le $850. Téann sé go dtí a bhanc chun na dollair a mhalartú ar euro agus feiceann sé na rátaí seo a leanas luaite:

| AIRGEADRA | DÍOLANN AN BANC | CEANNAÍONN AN BANC |
|---|---|---|
| Dollar | 1.15 | 1.25 |

Ríomh an méid iomlán ina euro a gheobhaidh Séamas ar $850:
(Taispeáin do chuid oibre.)

| **Freagra:** |
|---|
| **€** |

| Obair: |
|---|
| |

**7.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-ullmhaíonn feirmeoirí cuntais feirmeoireachta:

**(i)** ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(ii)** ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**8.** Cuir tic (✓) i ndiaidh **gach** ráitis díobh seo le taispeáint cé acu atá sé FÍOR nó BRÉAGACH:

| | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|
| Taifeadtar sonraisc a fhaightear i Leabhar Lae na nDíolachán | | |
| Taifeadtar Nótaí Creidmheasa a fhaightear sa Leabhar Aischur Isteach | | |

**9.** Comhlánaigh agus comhardaigh Cuntas Rialúchán na bhFéichiúnaithe ar an 31 Bealtaine 2006 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid na bhFéichiúnaithe ar an 1 Bealtaine 2006 | 5,500 |
| Díolacháin iomlána chreidmheasa i mí na Bealtaine | 3,760 |
| Aischuir iomlána isteach i mí na Bealtaine | 500 |

| Dr | **Cuntas Rialúcháin na bhFéichiúnaithe** | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**NÓ**

| **Cuntas Rialúcháin na bhFéichiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**10.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le fógraíocht a dhéanamh:

**(i)** ________________________________________

________________________________________

**(ii)** ________________________________________

________________________________________

**11.** I **gColún 1** tá liosta téarmaí a bhaineann le Clár Comhardaithe. I **gColún 2** tá liosta ráiteas ar féidir iad a mheaitseáil leis na téarmaí úd. *(Tá ráiteas amháin díobh nach mbaineann le téarma ar bith as Clár Comhardaithe.)*

| **Colún 1 – Téarmaí as Clár Comhardaithe** | **Colún 2 – Ráitis** |
|---|---|
| **1.** Scairchaipiteal Údaraithe | **A.** Airgead ar fáil le haghaidh feidhmiú an ghnó ó lá go lá |
| **2.** Scairchaipiteal Eisithe | **B.** Gnáth-Scairchaipiteal móide Cúlchiste lúide Fiachais Fhadtéarma |
| **3.** Caipiteal in Úsáid | **C.** An t-uasmhéid caipitil is féidir le comhlacht a chruinniú trí eisiúint scaireanna |
| **4.** Caipiteal Oibre | **D.** An méid iarbhír scaireanna díolta le scairshealbhóirí |
| | **E.** Gnáth-Scairchaipiteal móide Cúlchiste móide Fiachais Fhadtéarma |

Cuir litir an ráitis is cuí faoin uimhir thíos chun an dá liosta a mheaitseáil:

| **1.** | **2.** | **3.** | **4.** |
|---|---|---|---|
| | | | |

**12.** Sainaithin **dhá** shaghas úinéireachta ghnó ina bhfuil dliteanas teoranta ag na húinéirí:

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**13.** Comhlánaigh an sliocht seo a leanas ó shonrasc:

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | 600.00 |
| Lascaine Thrádála **15%** | |
| Fo-iomlán | |
| CBL **12.5%** | |
| Iomlán (CBL san áireamh) | |

**14.** Freagair **(A)** *nó* **(B)**:

**(A)** Tá Sócmhainní Reatha de €65,000 ag gnólacht (Stoc ar Deireadh de luach €20,000 san áireamh) agus Fiachais Reatha de €40,000.

Ríomh an cóimheas Fíorthástála/Tapa:
(Taispeáin do chuid oibre.)

| Obair: |
|---|
| |

| **Freagra:** |
|---|
| |

**NÓ**

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le cóimheasa brabúsachta do ghnólacht:

______________________________

______________________________

______________________________

**(ii)** Tabhair sampla **amháin** de chóimheas brabúsachta:

______________________________

**15.** Ar an 1 Bealtaine 2006, cheannaigh díoltóir gluaisteán daingneáin agus feistis nua ar cairde ó Ó hEithir Tta ar €6,000. Taifead an iontráil i Leabhar Cúnta Ginearálta an díoltóra gluaisteán:

| **Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**16.** Cheannaigh Siobhán bríste géine i siopa ach níor scrúdaigh sí go géar é go dtí gur tháinig sí abhaile. Fuair sí amach go raibh sé lochtach.

Cén sort sásaimh a bhfuil Siobhán i dteideal é a fháil? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**17.** **(i)** Ba é an costas maireachtála i dtír áirithe sa bhliain 2004 ná €2,000. Sa bhliain 2005, €2,100 a bhí ann.

Ríomh an ráta boilscithe:
(Taispeáin do chuid oibre.)

| Obair: |
| --- |
| |

| **Freagra:** |
| --- |
| |

**(ii)** In Éirinn, cad a thugtar ar thomhas oifigiúil an bhoilscithe?

______________________________________________

**18.** Tabhair bhreac-chuntas ar **dhá** chúis a n-ullmhódh comhlacht plean gnó:

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**19.** Scrúdaigh an bealach dáilte seo a leanas:

| **DÉANTÓIR** | → | **MIONDÍOLTÓIR** | → | **TOMHALTÓIR** |
|---|---|---|---|---|

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhféadfaí an mórdhíoltóir a fhágáil as an mbealach dáilte:

______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** Luaigh seirbhís **amháin** a chuireann an miondíoltóir ar fáil don tomhaltóir:

______________________________________________

______________________________________________

**20.** Ar an 21 Nollaig 2005, dhíol Jill Hartman earraí ar cairde le Eibhlín Nic an Bhaird ar €1,500. Ní raibh CBL ar bith le híoc ar na hearraí sin.

Comhlánaigh cuntais mhórleabhair Jill Hartman. Taispeáin ainmneacha na gcuntas, agus na sonraí tagartha, uimhrithe ó **(i)** go **(iv)**:

**(i)** ____________________ **A/c**

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| 2005<br>Noll 21 | **(ii)** | 1,500 | | | |

**(iii)** ____________________ **A/c**

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2005<br>Noll 21 | **(iv)** | 1,500 |

**Le húsáid le ROINN B – Ceist 1**

## (A) Buiséad Pleanáilte le haghaidh Mhuintir Mhig Uidhir

| | **Ean.** | **Feabh.** | **Már.** | **Iomlán Ean.-Már.** | **Meastachán Aib.-Noll.** | **Iomlán don bhliain Ean.-Noll.** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| IONCAM PLEANÁILTE | € | € | € | € | € | € |
| Tuarastal Tom Mhig Uidhir | 900 | 900 | 900 | 2,700 | | |
| Tuarastal Bríde Nig Uidhir | 750 | 750 | 750 | 2,250 | | |
| Díbhinní | | | | | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 1,650 | 1,650 | 1,650 | 4,950 | | |
| CAITEACHAS PLEANÁILTE | | | | | | |
| *Seasta* | | | | | | |
| Morgáiste | 550 | 550 | 550 | 1,650 | | |
| Iasacht gluaisteáin | 300 | 300 | 300 | 900 | | |
| Árachas tí | 25 | 25 | 25 | 75 | | |
| Fo-iomlán | 875 | 875 | 875 | 2,625 | | |
| *Neamhrialta* | | | | | | |
| Speansais teaghlaigh | 400 | 400 | 400 | 1,200 | | |
| Solas agus teas | 90 | 80 | 60 | 230 | | |
| Costais teileafóin | 150 | 70 | 220 | 440 | | |
| Costais reatha gluaisteáin | 60 | 60 | 60 | 180 | | |
| Fo-iomlán | 700 | 610 | 740 | 2,050 | | |
| *Roghnach* | | | | | | |
| Saoire | | | 500 | 500 | | |
| Bronntanais | | 50 | | 50 | | |
| Maisiú tí | | | 2,000 | 2,000 | | |
| Fo-iomlán | | 50 | 2,500 | 2,550 | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 1,575 | 1,535 | 4,115 | 7,225 | | |
| Airgead Tirim Glan | 75 | 115 | (2,465) | (2,275) | | |
| Airgead Tirim Tosaigh | 160 | 235 | 350 | 160 | | |
| Airgead Tirim Deiridh | 235 | 350 | (2,115) | (2,115) | | |

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma 'Díbhinní' i mBuiséad mhuintir Mhig Uidhir.

**(ii)** Ag deireadh Márta 2007, cad é iarmhéid deiridh an airgid thirim a bhfuil súil ag muintir Mhig Uidhir leis?

**Freagra:**

**(iii)** Tá iarmhéid deiridh an airgid thirim a raibh súil leis tar éis athrú ó Fheabhra go Márta. Mínigh **dhá** mhórchúis atá leis an athrú sin.

**(iv)** Sainaithin modh **amháin** chun déileáil leis an staid shealadach seo ag deireadh an Mhárta.

**Le húsáid le ROINN B – Ceist 5 (A) (i)**

| Árachas Uí Dhúgáin Tta – Foirm Éilimh | |
|---|---|
| Ainm | |
| Seoladh | |
| Uimh. Pholasaí | |
| Slí Bheatha | |
| **Sonraí Caillteanais/Damáiste** | |
| Dáta | |
| Láthair | |

| Sonraí earraí caillte/damáistithe | Luach (€) | Dáta a Ceannaíodh |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ar tuairiscíodh sonraí caillteanais/damáiste ag an Stáisiún Gardaí áitiúil? *(Cuir tic (✓) le Tuairiscíodh nó Níor Tuairiscíodh.)* | Tuairiscíodh | | Níor Tuairiscíodh | |

| | | |
|---|---|---|
| Má 'Tuairiscíodh', comhlánaigh, le do thoil, an roinn seo: ⇨ | Dáta tuairiscithe | |
| | Stáisiún Gardaí | |
| | An Garda a ghlac leis na sonraí | |

| | |
|---|---|
| Sínithe | |
| Dáta | |

**Le húsáid le ROINN B – Ceist 6 (B)**

| | |
|---|---|
| Dáta | |
| Do | |
| Iarmhéid t/a | € *950.00* |
| Lóisteáil | |
| Iomlán | |
| An seic seo | |
| Iarmhéid t/a | |
| **9998** | |

**AIB** 93-67-65

TULACH MHÓR, CO. UÍBH FHAILÍ Dáta

Íoc nó ordú **euro euro euro**

€

EIBHLÍN NÍ DHUIBHIR

**9998 936765 45678747**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN ROINN 'A' SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán